# Áine agus Paulo
# An cuimhin leat?

**An cuimhin leat an foclóir seo a leanas? Sula léann tú an sliocht *Áine agus Paulo*, déan iarracht Gaeilge a chur ar na frásaí seo a leanas. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Déan ó bhéal é.**

What's your name?

Where are you from?

I live in…

Where's that?

in the countryside

It's nice to meet you.

# Áine agus Paulo
# An sliocht

**Léigh an comhrá thíos agus cuir focal amháin i ngach bearna.**
**Anois, éist leis an mír le do chuid freagraí a sheiceáil.**

***Áine and Paulo meet for the first time on an Irish language course in Dublin.***

- ○ Dia duit! Cén t-ainm atá ort?
- • Áine Ní Mháille. Agus tú féin? Cén ______________(1) atá ortsa?
- ○ Paulo Boccelli.
- • Gabh mo leithscéal? Cad é mar a litríonn tú sin?
- ○ P-A-U-L-O B-O-C-C-E-L-L-I.
- • Cé as ______________?(2)
- ○ Is as an ______________ (3) mé. An Éireannach tú féin?
- • Is ea. Tá mé i mo ______________ (4) i Ros Láir.
- ○ Chím, cá bhfuil sé sin?
- • Tá sé cois ______________ (5) in aice le Loch Garman. Cá bhfuil tú féin i do chónaí?
- ○ I Valdarno – ______________ (6) faoin tuath in aice le Florence.
- • Deas! An bhfuil ______________ (7) maithe sa cheantar?
- ○ Ah, níl. Tá siopa amháin ann, scoil, ______________ (8) agus séipéal.
- • Tá mé cinnte go bhfuil sé go hálainn. Tá sé deas ______________ (9) leat, a Phaulo. Slán go fóill.
- ○ Agus deas bualadh leatsa fosta. Slán leat!

# Áine agus Paulo
# Foclóir an tsleachta

**1.** An bhfuil aon fhoclóir sa phíosa a mbainfeá úsáid as arís? Féach siar ar an sliocht agus roghnaigh foclóir nó frásaí as. Scríobh sna spásanna thíos iad.

_______________________________________

_______________________________________

_______________________________________

_______________________________________

**2.** Léigh amach do liosta don duine in aice leat. Ar roghnaigh sibh na focail nó na frásaí céanna?

Ar roghnaigh sibh aon cheann de na frásaí seo a leanas?

*Cad é mar a litríonn tú sin?*

*Chím*

*fosta*

Is nathanna canúnacha iad. Baintear úsáid astu i gcanúint Uladh, ach go háirithe.

An mbeifeá in ann *Cad é mar a litríonn tú sin?* a scríobh sna canúintí seo a leanas? (Smaoinigh ar na slite chun *how are you?* a rá)

| | |
|---|---|
| Canúint na Mumhan | |
| Canúint Chonnacht | |

An cuimhin leat aon cheantar Gaeltachta ina gcloistear na canúintí éagsúla? Leis an duine in aice leat, déanaigí iarracht ceantar nó baile amháin a scríobh in aice le gach canúint.

a. Canúint na Mumhan ________________________

b. Canúint Uladh ________________________

c. Canúint Chonnacht ________________________